# Glór

Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Nollaig 2023

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

## Craobh Faoi 21 na Contae bainte ag CLG Ghaoth Dobhair don dara bhliain as a chéile!

Comhghairdeas mór le foireann CLG Ghaoth Dobhair a bhain Craobh na Contae don dara bhliain as a chéile i ndiaidh an bhua a fháil ar fhoireann Gleann tSúilí. Bhí cluiche teannta ann ina raibh CLG Gleann tSúilí ag baint i rith an bhealaigh fríd ach fuair CLG Gaoth Dobhair na pointí ag an deireadh leis an Corn a thabhairt ar ais go Gaoth Dobhair arís!



## Daidí na Nollag ar cuairt ag Ionad Phobail Chnoc Fola



Bhí scaifte móra do chuid páistí bunscoile na háite ar cuairt ag Daidí na Nollag in Ionad Pobail Chnoc Fola ar na mallaibh, Scoil Bhríde Mhín an Chladaigh ina measc. Is cinnte gur bhain na páistí uilig sult mhór as! .

# An grúpa ceoil cáiliúil Huun Huur Tu in Amharclann Ghaoth Dobhair

Bhí ceolchoirm speisialta leis an ghrúpa ceoil cáiliúil Huun Huur Tu as Tuva in Amharclann Ghaoth Dobhair ag an deireadh seachtaine. Cheol Conor Ó Gallachóir as Coitín rompu agus bhí Seanán Mac Aoidh mar fhear an tí ar an oíche. Comhghairdeas mór le Robert Ó Maolchiaráin as Gaoth Dobhair a mheall an ghrúpa go Gaoth Dobhair don dara uair agus a tharraing scaifte mór le hiad a choimhéad!



# Craobh Uladh bainte ag foireann sinsear girseachaí Pobalscoil Ghaoth Dobhair



Bhain foireann sinsir na nGirseachaí Craobh Uladh inniu. D’imir siad in éadan Pobalscoil Na Rosann sa chluiche ceannais. Bhí an bua acu le scór 2-1. Comhghairdeas ó chroí leo as an cluiche ar dóigh a d’imir achan nduine acu agus lena mbainisteoir, an maistreas Michelle.

# Ionadaíocht láidir ón LPT ag ócáid bhronnta Gradaim na Gaeltachta!

Bhí ionadaíocht láidir ag searmanas Gradaim na Gaeltachta i mbliana. Fuair Comharchumann na n-Oiléan Bheag an duais don togra'Glórtha Ghabhla'. Tá an togra bunaithe ar agallamh le daoine a rugadh agus a togadh ar Oileán Ghabhla. Chuaigh cuid acu ar imirce agus d'fhill siad ar ais agus cuid acu a d'fhan sa bhaile. Comhghairdeas le togra Ionad Cois Locha, Dún Lúiche, Co. Dhún na nGall as Gradam Turasóireachta na Gaeltachta a bhaint. Taobh istigh de roinnt míonna, d'éirigh leis an choiste dheonach seo an tIonad Cuairteoireachta & Amharclannaíochta a athnuachan agus an áit a ullmhú le haghaidh athoscailt. Faoi dheireadh, tá Gradam Togra Seirbhísí Sóisialta na Gaeltachta 2023 ag dul chuig Coiste Forbartha Dhobhair Teo. Ghrúpa a bhfuil obair as cuimse á dhéanamh acu, ag tacú agus ag cuidiú le daoine atá i ndrochshláinte, a dteastaíonn cúram agus cabhair uathu. Tréaslaímid bhur mbua ó chroí libh! Aitheantas tuillte ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair as ucht an moladh speisialta don obair a dhéanann siad leis an óige fosta!










# Seó na Nollag Scoil Náisiúnta Rann na Feirste in Áislann Rann na Feirste



Comhghairdeas le foireann agus le páistí Scoil Náisiúnta Rann na Feirste as Seó na Nollag speisialta a chur ar an ardán le gairid in Áislann Rann na Feirste 👏 Bhí scaifte mór i láthair ar an oíche agus is cinnte gur bhain siad uilig sult as!

# Cur aithne ar Johnny Óg




Ainm: Johnny Óg Ó Domhnaill

Aois: 19

Post: Leictreoir

Caithimh Aimseartha: Peil Gaelach agus Sacar

Bia: Ceapaire Stéig ó Teach Sheáin Óig

Deoch: Tennants

Ceol: Zach Bryant nó Eminem

Scannán: Talledega Nights: The Ballad of Ricky Bobby

Clár Teilifíse: The US Office

Stáisiún Raidió: RTÉ 2FM

Leabhar: The Second Half

Ceolchoirm: Picture This

Foireann Sacair: Manchester United

Podchraoladh: The Joe Rogan Experience

Carr: Ford Focus

Spórt is fearr leat taobh amuigh do peil gaelach: Sacar

Féile Ceoil: Scooter

Gréasán Sóisialta: Snapchat

Comhairle is fearr a fuair tú mar imreoir: "Tá daoine ann atá ag iarraidh imirt don chlub agus ta daoine ann atá ag iarraidh imirt don chlub" - Séan Condaí Ó Dochartaigh

Imreoir is fearr a d'imir tú le agus in éadan: An t-imreoir is fearr a d'imir mé le nó Owen Ó Domhnaill agus an t-imreoir is fearr a d'imir mé ina éadan nó Luke McGlynn.

Áit is fearr leat a imirt ar an pháirc: Leathchúlaí cliatháin

Imreoir is deacra a mharcail tú: Luke McGlynn

Bainisteoir is fearr: Tom Beag Mac Giolla Easbuic

José Mourinho nó Pep Guardiola: José Mourinho

Teach Mhicí nó Teach Sheáin Óig: Teach Mhicí

Ceol Beo nó DJ: DJ

Ferrari nó Lamborghini: Ferrari

Ag ceol nó ag damhsa: Ag damhsa maram

Laoch: George Best

Oíche amuigh: Teach Mhicí agus GAA

Cuireadh chuig cóisir: Fionnán Mac Giolla Chomhaill

Laethanta saoire: Santa Ponsa

Seanfhocal: Marbh le tae agus marbh gan é

Mana saoil: Tá sé mar atá

Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana: Éirithe as




## Ranganna Gaeilge á mhaoiniú ag Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt

### Eolas

- **Áislann Rann na Feirste**
  Ard rang achan Dé Céadaoine 9:30 - 12:30
  Bun rang ar líne  Teagmháil - 0749562222
- **Ionad Naomh Pádraig Dobhair**
  Dé Máirt 10:00 - 12:00 (Meascán Léibhealacha)
  Saor in aisce  Teagmháil - 074 9532949
- **Muintearas**
  Bun rang + méan rang achan Déardaoin 11 - 12:30
  Teagmháil - 0749532578
- **Ionad Pobail Chnoc Fola**
  Bun rang achan Dé Máirt 11- 12
  Teagmháil - 0879291953
- **An Crannóg**
  Achan Dé Luain 8-9 (Meascán léibhéalacha)
  Teagmháil - 0749532208